# Aighneacht

# Plean Forbartha

# Comhairle Contae na Gaillimhe

# Feabhra 2021

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Plean Forbartha Comhairle Contae na Gaillimhe faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Is í aidhm an aighneacht seo go n-iarrfar go mbeidh Gaeltacht na Gaillimhe san áireamh sa Phlean Forbartha agus a chúinsí sochtheangeolaíochta nuair atá pleanáil ar siúl sa cheantar.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae na Gaillimhe i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, ach go háirithe le limistéir Ghaeltachta faoina chúram. Caithfidh ról cosanta, caomhnaithe agus fáis a bheith ag an gComhairle do phobal na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe. Is tríd an bPlean Forbartha seo gur féidir díriú ar sin.

## POBAL NA GAEILGE I NGAELTACHT NA GAILLIMHE

De réir daonáirimh na bliana 2016 tá 50,570 ina chónaí i nGaeltacht na Gaillimhe. San aoisghrúpa thar 3 bliana d'aois tá 31,320 duine le cumas labhartha Gaeilge, sin 64.3%. Tá sé seo i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 39.8%. Tá líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais (cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus cainteoirí laethúla taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais san áireamh) 10,243, sin 21.04% de dhaonra Ghaeltacht na Gaillimhe thar 3 bliana d'aois. Mar sin is léir gur mionlach iad cainteoirí Gaeilge laethúla Gaeltacht na Gaillimhe.

I 2011 bhí daonra de 48,907 sa chontae. Mar sin bhí fás 1,663 duine, nó 3.4% ar an daonra. Bhí pobal labhartha na Gaeilge thar 3 bliana d'aois 30,978, 66.3%. Sin titim 2% de phobal labhartha na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe. I dtaobh cainteoirí laethúla bhí 10,932 ann. Sin titim de 689, 6.3%. Níl an titim chomh hard leis an titim ar na cainteoirí laethúla idir 2011 agus 2016 sna Gaeltachtaí I gcoitinne, ag am go raibh titim de 2,589, titim 11%. Mar sin tá na gníomhaíochtaí atá á dhéanamh i nGaeltacht na Gaillimhe atá ag laghdú líon na cainteoirí laethúla agus tá gá athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin chun cinntiú nach bhfuil aon ghníomhaíochtaí á dhéanamh chun líon na cainteoirí laethúla a laghdú. Tá cúrsaí pleanála mar chuid thábhachtach de sin.

## POBAL NA GAEILGE I GCONTAE NA GAILLIMHE

De réir an daonáirimh dheireanaigh i 2016 tá daonra de 179,390 i gContae na Gaillimhe. As an daonra sin thar 3 bliana d'aois tá 84,249 in ann Gaeilge a labhairt, sin 49%. Tá sin i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 39.8%. Tá méid na cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais (cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus cainteoirí laethúla taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais san áireamh) 11,530, sin 6.7% de dhaonra contae na Gaillimhe thar 3 bliana d'aois. Tá sin níos airde ná an meán náisiúnta de 1.55%.

I 2011 bhí daonra de 175,124. Mar sin d'fhás an daonra ansin le 4,266 duine 2.44%. Bhí pobal labhartha na Gaeilge thar 3 bliana d'aois 84,962. Sin titim de 713, 0.4%. I dtaobh cainteoirí laethúla bhí 13,007 ann. Sin titim de 1,477, 11.36%. Arís tá titim le léiriú le cainteoirí Gaeilge sa chontae chomh maith leis an nGaeltacht, idir daoine a bhfuil in ann Gaeilge a labhairt agus cainteoirí laethúla. Caithfear dul i ngleic le seo leis an bplean forbartha seo.

## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

In Ailt 10 – (2) (m) luann sé san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 : '(*m*) oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha.'

Mar sin tá dualgas reachtúil ag an gComhairle an teanga a chaomhnú sa Ghaeltacht. Tá gá mar sin anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar aon fhorbairt nua a dhéantar sa Ghaeltacht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an fhorbairt sin ar an stad sochtheangeolaíochta sa cheantar.

## ORDUITHE LOGAINMNEACHA (GAELTACHT)

IR872, 2004

33(2) Ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla de logainm Gaeltachta ó 2004... (a) in aon Acht den Oireachtas a rithfear nó in aon ionstraim reachtúil a dhéanfar tar éis an dáta sin faoi aon Acht (b) i cibé léarscáileanna, arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi, a bheidh forordaithe, nó (c) ar chomhartha bóthair nó sráide arna chur suas ag údarás áitiúil nó thar a cheann.

IR599, 2011

Dearbhaítear leis an Ordú seo na leaganacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha sna Ceantair Ghaeltachta nach logainmneacha riaracháin iad a léirítear ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis agus nach gclúdaítear san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004. Faoi réir fhorálacha alt 33(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, níl aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla de na logainmneacha seo ó 2011.

## SCÉIM TEANGA COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE 2019 - 2022

I Scéim Teanga Chomhairle Contae na Gaillimhe 2019 – 2022 deir sé 'Is é aidhm na Rannóige Pleanála tacú le forbairt laistigh den chontae agus í a chur chun cinn ionas go mbeidh a gcuid custaiméirí ábalta cónaí i bpobail bhríomhara ina mbíonn meas ar éagsúlacht cultúir agus ina spreagtar í, ina mbeidh gach duine in ann a bheith páirteach i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir agus ina mbeidh teacht ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus infreastruchtúir. Ar an Aonad seo freisin atá an fhreagracht oidhreacht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta a chosaint tríd an bpróiseas pleanála.'

Maidir le comhlíonadh dualgais reachtúla deir an Scéim Teanga 'Cinnteoidh an Chomhairle go gníomhach go comhlíonfaidh sí, ar a laghad ar bith, an ról íosta reachtúil agus na dualgais a thugtar di in aon reachtaíocht i ndáil leis an nGaeilge agus féachfaidh sí go seasta le dul os cionn agus níos faide ná an ról sin. m.sh. Achtanna um Pleanáil agus Forbairt, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, Acht na Gaeltachta 2012 srl.'

Maidir leis an Ghaeilge a chosaint mar theanga phobail sa Ghaeltacht 'Cinnteoidh an Chomhairle go gníomhach go mbeidh gach gné dá cuid oibre a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach don Ghaeltacht i nGaeilge agus aird á thabhairt aici ar oidhreacht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta agus nach mbeidh éifeacht dhíobhálach aici ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail ach go gcuirfear chun cinn í agus go spreagfar í.' De réir na bhfigiúirí daonáireamh atá luaite thuas níl an Ghaeilge á chur chun cinn ná á spreagadh i nGaeltacht na Gaillimhe. Caithfear a chinntiú go bhfuil an Plean Forbartha Contae nua seo ag comhlíonadh an dualgas seo sa Scéim Teanga. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an sean Phlean Forbartha Contae le feiceáil nach bhfuil aon 'éifeacht dhíobhálach' á dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht trí na gníomhaíochtaí ag teacht as an bplean forbartha.

'Leanfar d'fhorbairtí cónaitheacha nua a ainmniú i nGaeilge mar choinníoll de chead pleanála. Beidh an fhreagracht ar choiste logainmneacha na Comhairle ainmneacha den sórt sin a scrúdú agus a roghnú de réir a théarmaí tagartha, dul i gcomhairle le Craobh Logainmneacha na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta más gá agus tar éis na logainmneacha atá cheana ann, stair agus oidhreacht áitiúil an cheantair a bhreithniú.' Tá ardmholadh le tabhairt don Chomhairle as an ngníomh seo a dhéanamh. Is eiseamláir é agus is fiú é a chraobhscaoileadh leis na príomhfheidhmeannaigh de na húdaráis áitiúla ag moladh dóibh an gníomh seo a chur i bhfeidhm ina údarás féin.

Is fiú é seo a chur san áireamh sa phlean forbartha contae nua 'Déanfar glacadh le hainmneacha Gaeilge ar shráideanna, bóithre, gnéithe nua a chur chun cinn agus déanfar comhairliúchán cuí chun ainm sráide, bóthair etc a shainmhíniú. Is é Coiste Logainmneacha na Comhairle a bheidh freagrach as seo.'

'I gcás forbairtí stairiúla, ainmneacha sráide, bóithre, logainmneacha agus gnéithe geografacha, arb é díreach an litriú atá de dhifríocht idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla d'ainm agus de shráid, glacfar leis an bhfoirm Ghaeilge mar an t-aon fhoirm. I ngach cás go mbíonn dhá leagan d'ainmneacha in úsáid, is é an leagan Gaeilge a bheidh ar dtús agus in uachtar.'  Arís tá gá é seo a thógáil san áireamh agus an plean á chruthú.

'Ní dhéanfaidh polasaithe agus tionscnaimh nua díobháil d'Oidhreacht Chultúrtha agus Teanga na Gaeltachta agus beidh gné chur chun cinn acu nuair is féidir.'  Nuair atá an plean forbartha á chruthú, is gá smaoineamh ar seo i gcónaí.

## PLEANÁIL TITHÍOCHTA GHAELTACHTA

**Tá sé riachtanach mar chuid de Phlean Forbartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe tabhairt faoi cheist na pleanála tithíochta sa Ghaeltacht. Tá sé seo amhlaidh de bharr:**

**Titim i líon na gcainteoirí laethúil sa Ghaeltacht:**

- Léirigh Daonáireamh na bliana 2016 gur tharla titim thubaisteach 11% ar líon na gcainteoirí laethúil Ghaeltachta sa tréimhse 2011 – 2016
- Tá gá le gníomh dearfach eisceachtúil chun an Ghaeltacht a chosaint

**Cosaint a dhéanamh ar chearta phobal na Gaeltachta cónaí ina cheantar dúchais:**

- Faoi láthair tá ar a lán daoine óga bogadh amach as an nGaeltacht mar nach bhfuil siad in ann cead pleanála a fháil ar a dtalamh féin
- Tá glúin daoine óga sa Ghaeltacht nach bhfuil ar a gcumas suíomh nó teach a cheannach ina gceantar féin agus atá orthu imeacht ón Ghaeltacht
- Tá daoine sa Ghaeltacht a bhfuil i dteideal tithe sóisialta á bhrú amach óna bpobal féin mar nach bhfuil dóthain tithe sóisialta á thógáil sa Ghaeltacht

**Cinntiú nach maraítear an Ghaeltacht trí líon mór daoine gan Ghaeilge teacht chun cónaí sa cheantar:**

- Léiríonn gach taighde go ndéantar dochar do labhairt na Gaeilge nuair a thagann grúpa mór daoine aonair & teaghlaigh gan Ghaeilge chun cónaí sa Ghaeltacht
- Lagaítear an Ghaeilge sa phobal, sa chóras oideachais, in imeachtaí pobail agus mar ghnáth-theanga labhartha

**Chuige sin tá Conradh na Gaeilge ag moladh:**

**Measúnacht tionchar teanga**

Go mbeadh measúnacht tionchar teanga neamhspleách riachtanach mar chuid de gach iarratas pleanála sa Ghaeltacht. Go mbaineadh sé seo le gach tí bheartaithe agus gach saghas forbartha beartaithe eile i gceantar Gaeltachta agus gur gá gur cainteoir Gaeilge neamhspleách atá cáilithe sa phleanáil teanga a chuirfeadh le chéile í agus go gcruthódh an mheasúnacht sin go rachadh an fhorbairt sin chun socair labhairt na Gaeilge go háitiúil.

Go mbeadh **Srian ar theach a dhíol ar aghaidh**. Ba chóir go mbeadh foráil sa phlean forbartha sa limistéar Gaeltachta go mbeadh mar choinníoll le cead pleanála a dheonaítear maidir le teach a thógáil i gceantar Gaeltachta srian de bhun alt 47 den Acht Pleanála ar theach a dhíol ar aghaidh ach le cainteoir Gaeilge, srian a

sheasfadh ar feadh 20 bliain ar a laghad agus a choiscfeadh an teach a ligean go fad téarmach (níos faide ná 3 mhí in aon bhliain amháin) ach amháin le cainteoirí Gaeilge.

**Inniúlacht sa teanga**

Maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge agus measúnacht tionchar teanga á déanamh nó coinníoll teanga á leagan síos, molaimid gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) a chruthú le Teastas TEG mar chaighdeán inghlactha. Is éard is brí leis an gcaighdeán sin:-

> Ba chóir go mbeadh na foghlaimeoirí in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnáthchomhrá le duine/daoine eile, fad is a théann an comhrá ar aghaidh ar ghnáthluas. Beidh siad in ann déileáil le réimse leathan ábhar ina leithéid de chomhrá, faoi mar atá leagtha síos sa siollabas, chomh maith le hábhair eile ar spéis leo féin iad. Beidh foghlaimeoirí Mheánleibhéal 2 (B2) in ann dioscúrsa agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint agus a chur ar fáil agus beidh a bhfuil le rá acu níos faide ná na blúirí comhrá a mbítear ag súil leo ag leibhéal B1. Ag an leibhéal seo, bíonn na foghlaimeoirí in ann eolas a mhalartú, a sheiceáil agus a dheimhniú. Is féidir leo trácht ar an tábhacht phearsanta a bhain le tarluithe agus le heispéireas áirithe, dearcadh a chur in iúl agus a chosaint le samplaí agus le hargóintí a bhaineann le hábhar. Ní hamháin go mbeidh siad in ann iad féin a chur in iúl go sásúil ach beidh na straitéisí cuí acu le déileáil le rudaí a thagann chun cinn nach raibh siad ag súil leo.

**Eastáit tithíochta**

I gcás iarratas ar chead pleanála d'eastáit tithíochta ní a chruthú go gcuirfeadh an t-eastát go mór le cur chun cinn na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail .i. go mbeadh an Ghaeilge á labhairt ag breis is 67% de gach aoisghrúpa den phobal i limistéir Ghaeltachta i gcatagóirí A agus B agus ag 35% de gach aoisghrúpa den phobal i limistéir Ghaeltachta i gcatagóir C.

**Daoine sa toghroinn ar aistrithe ó dhúchas iad**

Ní mholaimid go gcuirfeadh coinníollacha teanga isteach ar dhaoine a dhéanann iarratas ar chead pleanála chun teach a thógáil sa toghroinn arb as an gceantar áitiúil ó dhúchas iad ach go mbeadh srian ar an teach a dhíol ar aghaidh mar atá leagtha amach thuas.

**Cás faoi leith maidir le cainteoir Gaeilge**

Molaimid go gcaithfí le daoine a thugann an fhianaise chuí (.i. Teastas TEG) go bhfuil inniúlacht ag leibhéal B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha acu amhlaidh is go raibh riachtanas áitiúil tithíochta acu gan a thuilleadh riachtanais a chomhlíonadh agus go gcaithfí go báúil le hiarratais phleanála tithíochta ó dhaoine den aicme sin.

**Limistéir Phleanála Teanga sa Ghaeltacht**

Ba chóir go dtiocfadh gach limistéar pleanála teanga sa Ghaeltacht faoin bpolasaí seo.

**Tithe saoire**

Molaimid go gcuirfear cosc ar ró-fhorbairt tithe saoire chun a chinntiú nach mbeidh níos mó ná 10% de na tithe in aon toghroinn ar leith ina dtithe saoire. Má tá níos mó ná 10% de na tithe in aon toghroinn ar leith ina dtithe saoire, nach bhfaighfí cead pleanála i gcomhair a thuilleadh tithe saoire ann.

**Tithe sóisialta**

Go mbeidh sé de cheart ag daoine a bhfuil i dteideal tithe sóisialta a fháil go gcuirfear na tithe sin ar fáil ina bpobal féin.

**Plean Teanga Dúiche Seoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh**

Caithfidh Plean Forbartha an Chomhairle Chontae feidhmiú chun na spriocanna atá sa Phlean seo a bhaint amach, ach go háirithe maidir le pleanáil tithíochta lena chinntiú go mbeidh deis ag pobal an cheantair maireachtáil ina ndúiche féin agus nach gcuirfear lucht labhartha na Gaeilge amach as an gceantar mar thoradh ar easpa tithíochta.

Ar na gnéithe eile den phlean ar gá tabhairt fúthu mar chuid den Phlean Forbartha tá:

• Scéim séarachais do Chorr na Móna

• Leanúint don fhorbairt ar eastáit tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta

Seirbhís leathanbhanda a fhorbairt

Forbairt a dhéanamh ar ionad pobail •

Cinntiú go mbeidh fógraí trí Ghaeilge ag léiriú ainmneacha na mbailte ar fad sa LPT.

Is fiú a thabhairt le fios freisin ar an bhfógraíocht gur ceantar Gaeltachta atá i gceist.'

**Plean Teanga Chonamara Láir**

Caithfidh Plean Forbartha an Chomhairle Chontae feidhmiú chun na spriocanna atá sa Phlean seo a bhaint amach, ach go háirithe maidir le pleanáil tithíochta lena chinntiú go mbeidh deis ag pobal an cheantair maireachtáil ina ndúiche féin agus nach gcuirfear lucht labhartha na Gaeilge amach as an gceantar mar thoradh ar easpa tithíochta.

Ar na gnéithe eile den phlean ar gá tabhairt fúthu mar chuid den Phlean Forbartha tá:

Cinntiú go mbeidh fógraí trí Ghaeilge ag léiriú ainmneacha na mbailte ar fad sa LPT.

Is fiú a thabhairt le fios freisin ar an bhfógraíocht gur ceantar Gaeltachta atá i gceist.'

**Plean Teanga na Ceathrún Rua**

Caithfidh Plean Forbartha an Chomhairle Chontae feidhmiú chun na spriocanna atá sa Phlean seo a bhaint amach, ach go háirithe maidir le pleanáil tithíochta lena chinntiú go mbeidh deis ag pobal an cheantair maireachtáil ina ndúiche féin agus nach gcuirfear lucht labhartha na Gaeilge amach as an gceantar mar thoradh ar easpa tithíochta.

Ar na gnéithe eile den phlean ar gá tabhairt fúthu mar chuid den Phlean Forbartha tá:

Go gcuirfear An Cheathrú Rua chun cinn mar phríomh-shráidbhaile don Ghaeltacht agus cosaint a thabhairt do stádas na Ceathrún Rua mar Shráidbhaile Gaeltachta agus cur i gcoinne aon fhorbairt a dhéanfadh díobháil do theanga nó do chultúr an phobail.

Cuidiú le hÚnaG a bPlean Forbartha a chur i bhfeidhm.

Comhoibriú le Fáilte an Iarthair agus le hÚnaG chun táirgí dúchasacha a fhorbairt do thurasóirí, ar nós cultúr eitneach, rothaíocht agus siúlóidí.'

**Plean Teanga Cheantar na nOileán**

Caithfidh Plean Forbartha an Chomhairle Chontae feidhmiú chun na spriocanna atá sa Phlean seo a bhaint amach, ach go háirithe maidir le pleanáil tithíochta lena chinntiú go mbeidh deis ag pobal an cheantair maireachtáil ina ndúiche féin agus nach gcuirfear lucht labhartha na Gaeilge amach as an gceantar mar thoradh ar easpa tithíochta.

'Cinnteofar go mbeidh fógraí trí Ghaeilge ag léiriú ainmneacha na mbailte ar fad sa LPT. Is fiú a thabhairt le fios freisin ar an bhfógraíocht gur ceantar Gaeltachta atá i gceist.'

**'**Scéim tithíochta do dhaoine ag filleadh ar an gceantar; Stocaireacht le go mbeadh seirbhís den scoth leathanbhanda ar fáil i gCeantar na nOileán; Tascfhórsa fostaíochta a éileamh'

**Plean Teanga Chois Fharraige**

Caithfidh Plean Forbartha an Chomhairle Chontae feidhmiú chun na spriocanna atá sa Phlean seo a bhaint amach, ach go háirithe maidir le pleanáil tithíochta lena chinntiú go mbeidh deis ag pobal an cheantair maireachtáil ina ndúiche féin agus nach gcuirfear lucht labhartha na Gaeilge amach as an gceantar mar thoradh ar easpa tithíochta.

Ar na gnéithe eile den phlean ar gá tabhairt fúthu mar chuid den Phlean Forbartha tá:

Cinntiú go mbeidh fógraí trí Ghaeilge ag léiriú ainmneacha na mbailte ar fad sa LPT.

Is fiú a thabhairt le fios freisin ar an bhfógraíocht gur ceantar Gaeltachta atá i gceist.'

Tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh teach a thógáil sa cheantar; Tógáil tithe aonair a éascú do mhuintir na háite; Stocaireacht a dhéanamh ar an gComhairle Chontae bealach amháin a roghnú don bhóthar nua R336 go luath.'

**Plean Teanga Mhaigh Cuilinn**

Caithfidh Plean Forbartha an Chomhairle Chontae feidhmiú chun na spriocanna atá sa Phlean seo a bhaint amach, ach go háirithe maidir le pleanáil tithíochta lena chinntiú go mbeidh deis ag pobal an cheantair maireachtáil ina ndúiche féin agus nach gcuirfear lucht labhartha na Gaeilge amach as an gceantar mar thoradh ar easpa tithíochta.

Ar na gnéithe eile den phlean ar gá tabhairt fúthu mar chuid den Phlean Forbartha tá:

Cinntiú go mbeidh fógraí trí Ghaeilge ag léiriú ainmneacha na mbailte ar fad sa LPT.

Is fiú a thabhairt le fios freisin ar an bhfógraíocht gur ceantar Gaeltachta atá i gceist.'

Maidir le Pleanáil beartaítear, mar gheall ar líon na gcainteoirí Gaeilge a bhfuil cónaí orthu i Maigh Cuilinn, agus chomh gar is atá sé do phríomh-Ghaeltacht Chonamara, go méadóidh an Chomhairle Contae céatadán na dtithe a choinneofar do Ghaeilgeoirí, idir daoine áitiúla agus eile, in eastáit nua go dtí 33.3%.'

Tá easnaimh fhollasacha sa limistéar maidir le hionaid agus áiseanna fisiceacha. Bhí siad seo aitheanta sa taighde a rinne Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn ar riachtanais infreastruchtúr an ceantar agus de réir mar a mhéadaíonn an daonra méadaítear ar na heasnaimh seo.

'Tá géarghá le haghaidh na bhforbairtí seo a leanas: Ionad pobail ilúsáide le háiseanna do réimse spóirt; Páirceanna imeartha do spóirt éagsúla; Páirceanna Spraoi do pháistí; Rian siúlóide/rothaíochta/spás glas; Ionad do dhaoine óga; Tithíocht do dhaoine scothaosta; Leabharlann; Ionad Fiontraíochta (tá forbairt Moltech

luaite ina bpleananna ag Údarás na Gaeltachta). I gcomhthéacs an Phlean Teanga tá tábhacht ach go háirithe leis an Ionad Pobail Ilúsáide …'

## PLEAN FORBARTHA CONTAE NA GAILLIMHE 2015 - 2021

I bPlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015 - 2021, tá sé luaite maidir leis an nGaeltacht 'An creimeadh teanga i gceantair Ghaeltachta a laghdú'. 'Aidhm Straitéiseach 8 – An Ghaeltacht An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn Gaeilge, an tábhacht atá leis an nGaeilge go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a aithint agus nuair is féidir, féachaint leis na pobail Ghaeltachta atá fanta a neartú, a chothabháil agus a chosaint.' 'An Ghaeltacht mar phobal labhartha na Gaeilge a chur chun cinn' Níor éirigh leis an Chomhairle Contae na haidhmeanna seo a bhaint amach. Tá gá le fiosrúcháin a dhéanamh faoi seo agus anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh faoi seo chun pleanáil cheart a dhéanamh sa phlean forbartha contae nua, ionas nach bhfuil gníomhaíochtaí an chomhairle ag cur leis an gcreimeadh teanga seo agus a chinntiú go bhfuil a dhóthain infheistíochta á dhéanamh chun ní amháin an creimeadh teanga a laghdú, ach a stopadh ina iomláine.

'Cuspóir UHO 12 – Ráitis Tionchair Teanga Éileoidh Comhairle Contae na Gaillimhe go gcuirfí Ráiteas Tionchair Teanga isteach maidir le tograí tithíochta do dhá theach nó níos mó a bheadh lonnaithe i gceantar Gaeltachta d'fhonn an Ghaeilge agus oidhreacht chultúir cheantair Ghaeltachta na Gaillimhe a chaomhnú agus a láidriú. Beidh Clásal Feidhme Teanga a mhaireann ar feadh tréimhse 15 bhliana infheidhme d'fhorbairtí ceadaithe, ina mbeidh dhá aonad nó níos mó i gceist.'

'Cuspóir RHO 5 – Athchóiriú Tithíochta i gCeantair Ghaeltachta Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle go ndéanfaí breithniú ar athchóirithe tógála i gceantair Ghaeltachta chun Turasóireacht sa Ghaeltacht agus Coláistí Gaeltachta a chur chun cinn chomh fada go bhfuil bunús leis an riachtanas agus go gcomhlíonann an fhorbairt le ceanglais Lámhleabhair Chód Chleachtais an EPA 2009 nó le haon lámhleabhar fuíolluisce dá éis. Seolfar fianaise dhoiciméadach isteach chuig an Údarás Pleanála chun an fhorbairt bheartaithe a dhlisteanú agus déanfar measúnú ar bhonn cáis ar chás.'

'4.12.7 Na hOileáin agus an Ghaeltacht Léiríonn na hoileáin eischósta agus réigiún na Gaeltachta saol agus cultúr traidisiúnta na Gaillimhe. Tá na dúnfoirt cloiche ar an liosta sealadach don Unesco World Heritage Site status. Cuireann áilleacht mhistéireach agus an cineál saoil ar na hoileáin mar aon le héagsúlacht teanga Ghaeltacht na Gaillimhe go mór lena n-uathúlacht. Tá siad thar a bheith tarraingteach freisin mar cheann scríbe do thurasóirí cultúir a bhfuil spéis acu in oidhreacht teangeolaíoch agus teanga coitianta na hÉireann, agus do mhic léinn Ghaeilge. Mar gheall ar na tréithe seo ar fad, tá an-tóir ar na hoileáin agus ar an nGaeltacht i measc turasóirí agus is mórshócmhainní turasóireachta iad i gcomhthéacs an Chontae an fad, mórshócmhainní a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a chosaint, a chur chun cinn agus a fheabhsú.'

'Polasaí EDT 8 - Turasóireacht Cultúir Tacú le forbairt ar thurasóireacht cultúir ar fud an Chontae agus i gceantair Ghaeltachta ach go háirithe. Cuspóir EDT 22 – Turasóireacht Ghaeltachta Forbairt inmharthanach cheantair Ghaeltachta Chontae na Gaillimhe a éascú mar cheann scríbe turasóireacht chultúrtha agus teanga agus a n-ionracas a chosaint ag an am céanna.' Is fiú a bheith ag obair le hÚdarás na Gaeltachta chun é sin a chur chun cinn.

'Is polasaí bunúsach de chuid an stáit é an Ghaeilge a chaomhnú. Tá an pobal is láidre sa tír ó thaobh labhairt na Gaeilge lonnaithe i gCo. na Gaillimhe, idir Bearna agus Carna den chuid is mó agus Oileáin Árann san áireamh. Tá brú ollmhór ar an bpobal teanga seo ar go leor fáthanna, ceann acu ná an brú de bharr daoine gan aon Ghaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht, chomh maith le tionchair sheachtracha eile agus easpa seirbhísí ina dteanga féin don phobal. Tá an Ghaeltacht oifigiúil comhdhéanta de phobail dhifriúla agus aithníonn an

Chomhairle go bhfuil an Ghaeilge níos láidre i bpobail áirithe seachas a chéile.' Is gá mar sin cinntiú go bhfuil laghdú á dhéanamh ar an líon daoine gan Gaeilge atá ag bogadh isteach sa Ghaeltacht agus méadú a dhéanamh ar an líon daoine le Gaeilge atá ag bogadh isteach chun na Gaeltachta. Tá dhá phobal i gceist le sin, pobal amháin ná iad siúd na cainteoirí dúchais a d'fhág an Ghaeltacht le blianta beaga anuas. Creideann Conradh na Gaeilge an fáth le seo ná easpa infheistíochta sa cheantar. Léiriú de seo ná cúrsaí dífhostaíochta. Bhí an leibhéal dífhostaíochta 11.7%, i gContae na Gaillimhe, ach i nGaeltacht na Gaillimhe bhí an ráta dífhostaíochta ar a mheán 13%, ach i gceantair áirithe i nGaeltacht na Gaillimhe bhí sé chomh hard le 29.4% m.sh. i gCeantar na nOileán. Cé go bhfuil seirbhísí banda leathan ag feabhsú de réir a chéile le tógáil na GTeiceanna, tá gá le i bhfad níos mó seirbhís bhanda leathan ag teastáil sa cheantar. Tá gá le níos mó seirbhís iompair phoiblí in áiteanna éagsúla i nGaeltacht na Gaillimhe atá ag freastal níos minicí ná mar atá faoi láthair. Tá gá le hobair a dhéanamh ar céanna Inis Meáin agus Inis Oírr. I dtaobh leibhéal bochtaineacht de tá an Cheathrú Rua ar -8.8% de scór coibhneasta de mheán bochtaineacht an stáit, Ceantar na nOileán ar -16.6%, Cois Fharraige ar -0.1%, Conamara Láir ar -12.3%, Dúiche Seoigheach ar -0.5% agus na hOileáin Árainn ar -7.9%.

Ní féidir an plean seo a mheas de bharr nach raibh aon tuairisc mhonatóireachta déanta ar an bplean. Is fiú a thógáil san áireamh go mbeidh tuairiscí monatóireachta bliantúla úsáideach chun an plean nua seo a ullmhú.

## STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010 - 2030

Tá sé luaite sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge faoi 'Pleanáil agus Forbairt sa Ghaeltacht'

'Ullmhóidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirlínte leathana pleanála chun cuidiú le húdaráis áitiúla maidir le feidhmiú an Achta Pleanála agus Forbartha sa Ghaeltacht chun a chinntiú go dtabharfar cosaint d'fhéiniúlacht teanga faoi leith na Gaeltachta. Mar aitheantas ar an riachtanas atá le comhoibriú níos fearr idir rialtas áitiúil agus rialtas náisiúnta agus idir na hearnálacha éagsúla chun seirbhís níos éifeachtúla comhtháite a sholáthar, beidh sé mar aidhm ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus na Bainisteoirí Cathrach agus Contae forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí comhroinnte nua agus beidh saineolas cuí ann do na limistéir Ghaeltachta san earnáil pleanála. Bainfidh an stádas céanna le pleananna limistéar Gaeltachta agus a bhaineann le pleananna bailte. Chomh maith le ceadú a fháil ón údarás áitiúil, ceadóidh Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta na pleananna chun a chinntiú go mbeidh dóthain ionchuir iontu ó thaobh a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht na teanga ina gné de na pleananna.'

Is fiú é seo an ghné seo de chúrsaí pleanála a fhiosrú leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun feiceáil a bhfuil treoirlínte ann gur féidir a úsáid sa Phlean Forbartha.

## RIALACHÁIN NA HEORPA AGUS A TIONCHAR AR PHLEANÁIL I GCONAMARA

Tá reachtaíocht ann ón Eoraip 'Treoracha maidir le Gnáthóga' a bhfuil reachtaithe i ndlí na hÉireann a chruthaíonn ceantair caomhnaithe (SAC). Tá go leor de Ghaeltacht na Gaillimhe mar cheantar caomhnaithe rud a chuireann isteach ar chead pleanála a iarraidh don phobal áitiúil. Is gá iarraidh ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide athbhreithniú a dhéanamh ar na ceantair seo ionas nach mbeidh bac ar chead pleanála, ach ag an am céanna ag tógáil cúrsaí caomhnaithe san áireamh.

## BONNEAGAR GAELTACHT NA GAILLIMHE

Cosúil le haon sochaí tá gá le bonneagar ceart a chur ar fáil dá saoránaigh. Mura bhfuil an bonneagar ceart ann níl na saoránaigh sin chun fanacht sa cheantar. Tá fadhbanna leanúnacha ann ar feadh na mblianta a d'fhéadfadh réiteach láithreach. Tá moilleadóireacht ar siúl chun an bonneagar seo a chur ar fáil.

Samplaí ná:

- Bóithre i gConamara a dheisiú (ba chóir go mbeidh seo á dhéanamh chuile bhliain). https://www.facebook.com/Bóithre-ChonamaraConnemara-Roads-113054760046547

- Cinneadh a dhéanamh ar sciarbhóthair Chois Fharraige, tá moladh ann ó na 1990aidí maidir le seo, tá 7 rogha ann don bhóthar seo, tá dhá cheann atá as an áireamh de bharr go bhfuil siad ag rith tríd ceantair caomhnaithe (SAC), ach ní raibh cinneadh tógtha ar na 5 rogha eile. Tá sé seo ag cur isteach ar chúrsaí pleanála do mhuintir na háite. Breathnaigh ar shampla Liam Ó Cualáin atá tar éis iarraidh teach a thógáil ar a thalamh féin le 12 bliain a bhfuil tar éis €20,000 a íoc do na hiarratais phleanála nach bhfuil in ann an cead a fháil ar taobh amháin tá ceantair chaomhnaithe agus ar an taobh eile tá rogha de 5 bóthair ar léarscáil le nach níos mó ná 20 bliain ag cur bac air. Seo sampla amháin sna meáin, bí cinnte go bhfuil go leor samplaí eile ann. https://www.tg4.ie/ga/player/seinn/?pid=6152560364001&title=Seirbhísí%20&%20Pleanáil&series=Gaeltacht%202020&genre=Faisneis&pcode=086813

- Tá gá le huasghrádú a dhéanamh láithreach ar Dhroichead Ceantar na nOileán ar an R374 i Leitir Mór. https://fb.watch/3J9cObeU2y/

- Tá pobal Inis Meáin agus Inis Oírr ag fanacht ar uasghrádú ar a gcuid chéanna leis na blianta, Cuireadh céim 1 agus céim 2 de chéibh an Chalaidh Mhóir ar Inis Meáin i gcrích i 2008. Tá muintir Inis Meáin ag fanacht ar fhorbairt céim 3 ó shin. Níl fáth ar bith go dtógfaidh sé níos mó ná 13 bliain le cé a chríochnú. De bharr nach bhfuil na céanna sábháilte níl fiú amháin an dochtúir in ann teacht isteach ar na hoileáin. Tá práinn le seo a shocrú. https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/dail/2020-11-05/8/#spk_61

- Tá go leor obair le déanamh ar chúrsaí uisce agus séarachas timpeall Conamara agus ar na hOileáin Árainn. Is bunriachtanas é uisce a chur ar fáil don phobal agus córas séarachas a bheith ar fáil dóibh chomh maith.

- Leathanbhanda, cé go bhfuil obair á dhéanamh ar cúrsaí leathanbhanda agus an rath ar na GTeiceanna, tá fós go leor leathanbhanda le leagan síos i nGaeltacht na Gaillimhe.

Cé go bhfuil an phríomhdhualgas ag Roinn faoi leith nó Uisce Éireann nó Eir chun an bonneagar luaite thuas a chruthú tá ról tábhachtach agus uaireanta príomhról ag an gComhairle Contae cuidiú leis an mbonneagar a leagadh síos. Ná bíodh aon leithscéal i dtaobh easpa maoiniú agus córas pleanála chun na forbairtí seo a chríochnú, tá pobal Gaeltacht na Gaillimhe i dteideal seirbhís chuí a fháil óna Comhairle Contae.

## CONCLÚID

Mar atá feicthe tríd an aighneacht seo tá go leor dualgais reachtúil ag an gComhairle chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chosaint maidir le forbairt tithíochta sa Ghaeltacht. Ina measc An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, Acht na Gaeltachta 2012, Scéim Teanga Comhairle Contae na Gaillimhe atá ag feidhmiú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá gnéithe i dtaobh cúrsaí pleanála sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 atá gá le tógáil san áireamh sa Phlean Forbartha nua. Chomh maith le sin tá moltaí ann i dtaobh cead pleanála ab fhiú a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha nua. Tá gá anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar mhonatóireacht Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2015 – 2021 agus anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar an bplean nua roimh a bhfoilsítear é ó dhuine atá cáilithe sa tsochtheangeolaíocht nó sa phleanáil teanga chun cinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí an chomhairle ag cur stop le creimeadh na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Ba chóir go mbeidh Comhairle Contae na Gaillimhe in ann Plean Forbartha sásúil a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta má chuirtear na moltaí thuas san áireamh.